An Ardteistiméireacht Ardleibhéal Páipéar 1 Feidhmeanna

2017 C3	2016 C7	2014 C4	2013 C5
2017 C5	2016 C8	2014 C5	2013 C6
2017 C6	2015 C3	2014 C7	2013 C7
2017 C7	2015 C5	2014 C8	2013 C8
2016 C3	2015 C7	SEC sampla 2014 C5	2012 C5
2016 C5	2015 C8	SEC sampla 2014 C6	2012 C6
2016 C6	2015 C9	SEC sampla 2014 C7	2012 C7
	2014 C1	SEC sampla 2014 C9	2012 C8

www.mathsplus.ie

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Páipéar 1 Ceist 3
2017

25 marc

$a^2+2ab+b^2=(a+b)^2$

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

(a) Difreáil $\frac{1}{3}x^2 - x + 3$ leith x ó bhunphrionsabail.

$$f(x) = \frac{1}{3}x^2 - x + 3$$

$$f(x+h) = \frac{1}{3}(x+h)^2 - (x+h) + 3$$

$$f(x+h) = \frac{1}{3}(x^2 + 2xh + h^2) - x - h + 3$$

$$f(x+h) - f(x) = \cancel{\frac{1}{3}x^2} + \frac{2}{3}xh + \frac{1}{3}h^2 - \cancel{x} - h + \cancel{3} - \cancel{\frac{1}{3}x^2} + \cancel{x} - \cancel{3}$$

$$\lim_{h \to 0} \frac{f(x+h) - f(x)}{h} = \lim_{h \to 0} \frac{\frac{2}{3}x\cancel{h} + \frac{1}{3}h^{\cancel{2}} - \cancel{h}1}{\cancel{h}}$$

$$= \lim_{h \to 0} \frac{2}{3}x + \frac{1}{3}h - 1$$

$$= \frac{2}{3}x - 1$$

20

(b) $f(x) = \ln(3x^2 + 2)$ agus $g(x) = x + 5$, áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$.

Faigh luach dhíorthach $f(g(x))$ ag $x = \dfrac{1}{4}$.

Bíodh do fhreagra ceart go dtí 3 ionad dheachúlacha.

$$f(g(x)) = \ln(3(x+5)^2 + 2)$$

$$f'(g(x)) = \frac{6(x+5)}{3(x+5)^2 + 2}$$

$$\text{Ag } x = \frac{1}{4}$$

$$f'(g(0{\cdot}25)) = \frac{6(0{\cdot}25 + 5)}{3(0{\cdot}25 + 5)^2 + 2}$$

$$= 0{\cdot}3719557196$$

5

Páipéar 1 Ceist 5
2017

25 marc

$a^2+2ab+b^2=(a+b)^2$

www.mathsplus.ie

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Is feidhm é f sa chaoi go bhfuil $f(x) = 2x^3 + 5x^2 - 4x - 3$, áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$.

(a) Léirigh go bhfuil $x = -3$, ina fhréamh de $f(x)$ **agus** faigh an dá fhréamh eile.

$$f(-3) = 2(-3)^3 + 5(-3)^2 - 4(-3) - 3 = 0$$

$(x+3)$ is fachtóir é seo

$$\begin{array}{r|l} & 2x^2 - x - 1 \\ \hline x+3 & \cancel{2x^3} + 5x^2 - 4x - 3 \\ & -\cancel{2x^3} - 6x^2 \\ \hline & -\cancel{x^2} - 4x \\ & -\cancel{x^2} + 3x \\ \hline & -\cancel{1x} - \cancel{3} \\ & -\cancel{1x} + \cancel{3} \\ \hline & 0 \end{array}$$

$$-$$

$$(2x+1)(x-1) = 0$$

$$x = 1, -\frac{1}{2}$$

Is iad fréamhacha $-3, 1, -\dfrac{1}{2}$

15

	$2x^2$	$-x$	-1
x	$2x^3$	$-x^2$	$-x$
$+3$	$6x^2$	$-3x$	-3

Is feidhm é f sa chaoi go bhfuil $f(x) = 2x^3 + 5x^2 - 4x - 3$, áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$.

(b) Faigh comhordanáidí uasphointe logánta **agus** íosphointe logánta na feidhme f.

Tarlaíonn pointí ag casadh nuair $f'(x) = 0$

$$f'(x) = 6x^2 + 10x - 4$$

$$6x^2 + 10x - 4 = 0$$

$$3x^2 + 5x - 2 = 0$$

$$(3x - 1)(x + 2) = 0$$

$$x = \frac{1}{3}, -2$$

$$f''(x) = 12x + 10$$

$$f''\left(\frac{1}{3}\right) = 12\left(\frac{1}{3}\right) + 10 = 14$$

> 0 → Íosphointe

$$f''(-2) = 12(-2) + 10 = -14$$

< 0 → Uasphointe

$$f\left(\frac{1}{3}\right) = 2\left(\frac{1}{3}\right)^3 + 5\left(\frac{1}{3}\right)^2 - 4\left(\frac{1}{3}\right) - 3 = -\frac{100}{27}$$

$$\text{Íosmhéid} = \left(\frac{1}{3}, -\frac{100}{27}\right)$$

5

$$f(-2) = 2(-2)^3 + 5(-2)^2 - 4(-2) - 3 = 9$$

$$\text{Uasmhéid} = (-2, 9)$$

(c) Níl ach fréamh réadach amháin ag $f(x) + a$, áit a bhfuil a ina thairiseach. Faigh raon na luachanna féideartha ar a.

$$f(x) + a = 2x^3 + 5x^2 - 4x - 3 + a$$

$$f'((x) + \mathrm{a}) = 6x^2 + 10x - 4$$

$$\text{Íosmhéid} = \left(\frac{1}{3}, -\frac{100}{27}\right)$$

$$\text{Uasmhéid} = (-2, 9)$$

$$a > \frac{100}{27} \quad \text{nó} \quad a < -9$$

5



Páipéar 1 Ceist 6
2017

25 marc

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Taispeántar graf na feidhme $g(x) = e^x$, $x \in \mathbb{R}$, $0 \leq x \leq 1$, ar an léaráid thíos.

(a) Ar an léaráid chéanna, tarraing graf $h(x) = e^{-x}$, $x \in \mathbb{R}$, san fhearann

$0 \leq x \leq 1$.

x	$h(x)$
0	1
0·2	0·82
0·4	0·67
0·6	0·55
0·8	0·45
1·0	0·37

15



Taispeántar graf na feidhme $g(x) = e^x, x \in \mathbb{R}, 0 \leq x \leq 1$, ar an léaráid thíos.

(b) Faigh an t-achar atá iata ag $g(x) = e^x$, $h(x) = e^{-x}$, agus an líne $x = 0{\cdot}75$. Bíodh do fhreagra ceart go dtí 4 ionad dheachúlacha.

$$\text{Achar} = \int_0^{0\cdot75} e^x.dx - \int_0^{0\cdot75} e^{-x}.dx$$

$$= \Big\backslash e^x + e^{-x} \Big/_0^{0\cdot75}$$

$$= e^{0\cdot75} + e^{-0\cdot75} - e^0 - e^{-0}$$

$$= 0{\cdot}5893665694$$

$$= 0{\cdot}5894 \text{ aonad}^2$$

10



Páipéar 1 Ceist 7
2017

55 marc

$a^2+2ab+b^2=(a+b)^2$

Uaireanta is féidir daonra cathrach sa todhchaí a thuar ach úsáid a bhaint as feidhm. Is féidir daonra Chathair Shaifír, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$p(t) = Se^{0\cdot 1t} \times 10^6$$

Is féidir daonra Avalon, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$q(t) = 3\cdot 9e^{kt} \times 10^6$$

Sa dá fheidhm thuas, seasann t don am, ina bhlianta; is ionann $t = 0$ agus tús na bliana 2010; agus is tairisigh iad k agus S araon.

(a) Is é 1 100 000 duine an daonra i gCathair Shaifír ag tús na bliana 2010. Faigh luach S.

$$p(0) = Se^{0\cdot 1(0)} \times 10^6 = 1\cdot 1 \times 10^6$$

$$S \times 10^6 = 1\cdot 1 \times 10^6$$

$$S = 1\cdot 1$$

10

Uaireanta is féidir daonra cathrach sa todhchaí a thuar ach úsáid a bhaint as feidhm. Is féidir daonra Chathair Shaifír, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$p(t) = Se^{0\cdot 1t} \times 10^6$$

Is féidir daonra Avalon, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$q(t) = 3\cdot 9e^{kt} \times 10^6$$

Sa dá fheidhm thuas, seasann t don am, ina bhlianta; is ionann $t = 0$ agus tús na bliana 2010; agus is tairisigh iad k agus S araon.

(b) Faigh an daonra tuartha i gCathair Shaifír ag tús na bliana 2015.

$$p(5) = 1\cdot 1e^{0\cdot 1(5)} \times 10^6 = 1\cdot 813593398 \times 10^6$$

$$= 1\cdot 813593 \times 10^6$$

10

Uaireanta is féidir daonra cathrach sa todhchaí a thuar ach úsáid a bhaint as feidhm. Is féidir daonra Chathair Shaifír, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$p(t) = Se^{0\cdot 1t} \times 10^6$$

Is féidir daonra Avalon, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$q(t) = 3\cdot 9e^{kt} \times 10^6$$

Sa dá fheidhm thuas, seasann t don am, ina bhlianta; is ionann $t = 0$ agus tús na bliana 2010; agus is tairisigh iad k agus S araon.

(c) Faigh an t-athrú tuartha ar dhaonra Chathair Shaifír le linn 2015.

$$p(6) = 1\cdot 1e^{0\cdot 1(6)} \times 10^6 = 2\cdot 00433068 \times 10^6$$

$$-$$

$$p(5) = 1\cdot 1e^{0\cdot 1(5)} \times 10^6 = 1\cdot 813593398 \times 10^6$$

$$190737\cdot 282$$

5

Uaireanta is féidir daonra cathrach sa todhchaí a thuar ach úsáid a bhaint as feidhm. Is féidir daonra Chathair Shaifír, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$p(t) = Se^{0\cdot 1t} \times 10^6$$

Is féidir daonra Avalon, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$q(t) = 3\cdot 9e^{kt} \times 10^6$$

Sa dá fheidhm thuas, seasann t don am, ina bhlianta; is ionann $t = 0$ agus tús na bliana 2010; agus is tairisigh iad k agus S araon.

(d) Is é 3 709 795 duine an daonra tuartha in Avalon ag tús na bliana 2011. Scríobh síos agus réitigh cothromóid in k chun a léiriú go bhfuil $k = -0\cdot 05$, ceart go dtí 2 ionad dheachúlacha.

$$q(1) = 3\cdot 9e^{k(1)} \times \cancel{10^6} = 3\cdot 709795 \times \cancel{10^6} \Rightarrow 3\cdot 9e^{k} = 3\cdot 709795$$

$$e^{k} = \frac{3\cdot 709795}{3\cdot 9} \Rightarrow k = \ln\frac{3\cdot 709795}{3\cdot 9}$$

$$k = -0\cdot 0499 \ldots 411$$

15

Uaireanta is féidir daonra cathrach sa todhchaí a thuar ach úsáid a bhaint as feidhm. Is féidir daonra Chathair Shaifír, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$p(t) = Se^{0\cdot 1t} \times 10^6$$

Is féidir daonra Avalon, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$q(t) = 3\cdot 9e^{kt} \times 10^6$$

Sa dá fheidhm thuas, seasann t don am, ina bhlianta; is ionann $t = 0$ agus tús na bliana 2010; agus is tairisigh iad k agus S araon.

(e) Faigh an bhliain ina mbeidh an daonra sa dá chathair mar an gcéanna.

$$1\cdot 1e^{0\cdot 1t} \times \cancel{10^6} = 3\cdot 9e^{-0\cdot 05t} \times \cancel{10^6}$$

$$\frac{e^{0\cdot 1t}}{e^{-0\cdot 05t}} = \frac{3\cdot 9}{1\cdot 1} \Rightarrow e^{0\cdot 15t} = \frac{39}{11}$$

In 2018 bhí an dá dhaonra cothrom

5

$$0\cdot 15t = \ln\frac{39}{11} \Rightarrow t = \frac{\ln\frac{39}{11}}{0\cdot 15} \Rightarrow t = 8\cdot 4377\ldots$$

Uaireanta is féidir daonra cathrach sa todhchaí a thuar ach úsáid a bhaint as feidhm. Is féidir daonra Chathair Shaifír, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$p(t) = Se^{0\cdot 1t} \times 10^6$$

Is féidir daonra Avalon, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$q(t) = 3\cdot 9e^{kt} \times 10^6$$

Sa dá fheidhm thuas, seasann t don am, ina bhlianta; is ionann $t = 0$ agus tús na bliana 2010; agus is tairisigh iad k agus S araon.

(f) Faigh an meándaonra tuartha i gCathair Avalon ó thús na bliana 2010 go dtí tús na bliana 2025.

$$\text{Meánluach} = \frac{1}{b-a}\int_a^b f(x).dx = \frac{1}{15-0}\int_0^{15} 3\cdot 9e^{-0\cdot 05t} \times 10^6.dt$$

$$= \frac{3\cdot 9 \times 10^6}{-15(0\cdot 05)}\left[e^{-0\cdot 05t}\right]_0^{15}$$

$$= 2\,743\,694$$

5

Uaireanta is féidir daonra cathrach sa todhchaí a thuar ach úsáid a bhaint as feidhm. Is féidir daonra Chathair Shaifír, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$p(t) = Se^{0\cdot 1t} \times 10^6$$

Is féidir daonra Avalon, le himeacht ama, a thuar ach úsáid a bhaint as an bhfeidhm seo a leanas:

$$q(t) = 3\cdot 9e^{kt} \times 10^6$$

Sa dá fheidhm thuas, seasann t don am, ina bhlianta; is ionann $t = 0$ agus tús na bliana 2010; agus is tairisigh iad k agus S araon.

(g) Bain úsáid as an bhfeidhm $q(t) = 3\cdot 9e^{kt} \times 10^6$ chun ráta tuartha an athraithe ar dhaonra Avalon ag tús na bliana 2018 a fhail.

$$q'(t) = -0\cdot 05(3\cdot 9)e^{-0\cdot 05t} \times 10^6$$

$$= -130\ 712\cdot 40$$

5

Páipéar 1 Ceist 3
2016

25 marc

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

(a) **(i)** $f(x) = \dfrac{2}{e^x}$ agus $g(x) = e^x - 1$, áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$.

Comhlánaigh an tábla thíos. Bíodh na luachanna ceart go dtí dhá ionad deachúlacha nuair is gá.

x	**0**	**0·5**	**1**	**ln (4)**
$f(x) = \dfrac{2}{e^x}$	2	1·21	0·74	0·5
$g(x) = e^x - 1$	0	0·65	1·72	3

5

(a) **(ii)** Bain úsáid as an tábla chun graf $f(x)$ agus $g(x)$ san fhearann $0 \leq x \leq \ln(4)$ a tharraingt ar an ngreille ar dheis. Lipéadaigh an dá ghraf go soiléir.

x	**0**	**0·5**	**1**	**ln (4)**
$f(x) = \dfrac{2}{e^x}$	2	1·21	0·74	0·5
$g(x) = e^x - 1$	0	0·65	1·72	3



5

(iii) Bain úsáid as do ghraif chun meastachán a dhéanamh ar an luach ar x a fhágann go bhfuil

$$f(x) = g(x).$$

$x \approx 0{\cdot}7$ 5

(a) **(ii)** Bain úsáid as an tábla chun graf $f(x)$ agus $g(x)$ san fhearann $0 \leq x \leq \ln(4)$ a tharraingt ar an ngreille ar dheis. Lipéadaigh an dá ghraf go soiléir.

x	0	0·5	1	ln (4)
$f(x) = \dfrac{2}{e^x}$	2	1·21	0·74	0·5
$g(x) = e^x - 1$	0	0·65	1·72	3



(b) Bain úsáid as an ailgéabar chun $f(x) = g(x)$ a réiteach.

$\dfrac{2}{e^x} = e^x - 1$ an dá thaobh a iolrú faoi e^x

$2 = e^{2x} - e^x \Rightarrow e^{2x} - e^x - 2 = 0$

$(e^x - 2)(e^x + 1) = 0$

$e^x = 2 \quad \cancel{e^x = -1}$

$x = \ln 2 \approx 0{\cdot}693$

10

Páipéar 1 Ceist 5
2016

25 marc

$a^2+2ab+b^2=(a+b)^2$

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

(a) **(i)** Tugtar fad na sleasa ar thriantán dronuilleach leis na sloinn $x - 1$, $4x$, agus $5x - 9$, mar a thaispeántar sa léaráid. Faigh luach x.



Teoirim Phíotagaráis

$$(5x - 9)^2 = (4x)^2 + (x - 1)^2$$

$$25x^2 - 45x - 45x + 81 = 16x^2 + x^2 - 2x + 1$$

$$25x^2 - 17x^2 - 90x + 2x + 81 - 1 = 0$$

$$8x^2 - 88x + 80 = 0$$ an dá thaobh a roinnt ar 8

$$x^2 - 11x + 10 = 0$$

$$(x - 10)(x - 1) = 0$$ t a fhachtóiriú

$x = 10$ $\quad$ $x = 1$

10

(a) (ii) Fíoraigh, leis an luach seo ar x, gur triarach píotagarásach iad fad na sleasa ar an triantán thuas.

$x = 10$

$41^2 = 40^2 + 9^2$

$1681 = 1600 + 81$

$1681 = 1681$

5



(b) (i) Léirigh gur feidhm inteilgeach í $f(x) = 3x - 2$, áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$.

Feidhm dhétheilgeach atá i gceist má tá inbhéarta ann

$$f(x) = 3x - 2$$

$$y + 2 = 3x$$

$$x = \frac{y + 2}{3}$$

$$f^{-1}(x) = \frac{x + 2}{3}$$

➡ Feidhm inteilgeach atá i gceist 5

(ii) Glac leis go bhfuil $f(x) = 3x - 2$, áit a bhfuil $x \in \mathbb{R}$, agus faigh foirmle le haghaidh f^{-1}, feidhm inbhéarta f. Taispeáin do chuid oibre.

$$f^{-1}(x) = \frac{x + 2}{3}$$ 5

Páipéar 1 Ceist 6
2016

25 marc

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

www.mathsplus.ie

(a) Difreáil an fheidhm $(2x + 4)^2$ ó bhunphrionsabail, i leith x.

$$f(x) = (2x+4)^2$$

$$= 4x^2 + 16x + 16$$

$$f(x+h) = 4(x+h)^2 + 16(x+h) + 16$$

$$= 4(x^2 + 2xh + h^2) + 16x + 16h + 16$$

$$f(x+h) - f(x) = \cancel{4x^2} + 8xh + 4h^2 + \cancel{16x} + 16h + \cancel{16} - \cancel{4x^2} - \cancel{16x} - \cancel{16}$$

$$\lim_{h \to 0} \frac{f(x+h) - f(x)}{h} = \lim_{h \to 0} \frac{8x\cancel{h} + 4h^{\cancel{2}} + 16\cancel{h}}{\cancel{h}}$$

$$= \lim_{h \to 0} 8x + 4h + 16$$

$$= 8x + 16$$

10

(b) (i) Má tá $\underset{u}{y} = \underset{v}{x} \sin\left(\frac{1}{x}\right)$, faigh $\frac{dy}{dx}$.

$u = x \qquad v = \sin\left(\frac{1}{x}\right)$

$\frac{du}{dx} = 1 \qquad \frac{dv}{dx} = \cos\left(\frac{1}{x}\right)\left(-\frac{1}{x^2}\right)$

Riail an toraidh: $\frac{dy}{dx} = u\frac{dv}{dx} + v\frac{du}{dx}$

15

$= \cancel{x}\cos\left(\frac{1}{x}\right)\left(-\frac{1}{x^{\cancel{2}}}\right) + 1\sin\left(\frac{1}{x}\right)$

$= \sin\left(\frac{1}{x}\right) - \frac{1}{x}\cos\left(\frac{1}{x}\right)$

(ii) Faigh fána an tadhlaí leis an gcuar $y = x \sin\left(\frac{1}{x}\right)$, nuair atá $x = \frac{4}{\pi}$. Bíodh do fhreagra ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

$x = \frac{4}{\pi} \qquad \frac{dy}{dx} = \sin\left(\frac{\pi}{4}\right) - \frac{\pi}{4}\cos\left(\frac{\pi}{4}\right) = 0{\cdot}151746413$

Páipéar 1 Ceist 7
2016

40 marc

$a^2+2ab+b^2=(a+b)^2$

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

(a) **(i)** Déantar liathróid sféarúil aclaíochta a theannadh le haer ar ráta 250 cm^3 sa soicind. Faigh an ráta ar a bhfuil an ga ag méadú nuair is é ga na liathróide ná 20 cm. Bíodh do fhreagra i dtéarmaí π.

Toirt sféir

$$V = \frac{4}{3}\pi r^3$$

$$\frac{dV}{dr} = 4\pi r^2 \qquad \frac{dV}{dt} = 250 \text{ cm}^3/\text{s}$$

$$\frac{dr}{dt} = \frac{dV}{dt} \times \frac{dr}{dV} = 250 \times \frac{1}{4\pi r^2}$$

Nuair atá $r = 20$ cm

$$\frac{dr}{dt} = \frac{250}{4\pi(20)^2} = \frac{5}{32\pi} \text{ cm/s}$$

10

(a) (ii) Faigh an ráta ar a bhfuil achar dromchla na liathróide ag méadú nuair is é ga na liathróide ná 20 cm.

Achar dromchla an sféir

$$A = 4\pi r^2$$

Nuair atá $r = 20$ cm

$$\frac{dA}{dr} = 8\pi r$$

$$\frac{dr}{dt} = \frac{5}{32\pi} \text{ cm/s}$$

$$\frac{dA}{dt} = \frac{dA}{dr} \times \frac{dr}{dt}$$

$$= 8\pi r \times \frac{5}{32\pi}$$

$$= \frac{8(20)5}{32}$$

$$= 25 \text{ cm}^2\text{/s}$$

10

(b) Déantar an liathróid theannta a chiceáil suas san aer ó phointe O ar an talamh. Má thógtar O mar an bunphointe, cuireann, $(x, f(x))$ síos go neasach ar an gconair a leanann an liathróid san aer, áit a bhfuil $f(x) = -x^2 + 10x$ agus nuair a thomhaistear x agus $f(x)$ araon ina méadair.

(i) Faigh luachanna x nuair atá an liathróid ar an talamh.

$$f(x) = 0$$

$$-x^2 + 10x = 0$$

$$-x(x - 10) = 0$$

$$x = 0 \text{ m} \quad x = 10 \text{ m}$$

10



(b) Déantar an liathróid theannta a chiceáil suas san aer ó phointe O ar an talamh. Má thógtar O mar an bunphointe, cuireann, $(x, f(x))$ síos go neasach ar an gconair a leanann an liathróid san aer, áit a bhfuil $f(x) = -x^2 + 10x$

agus nuair a thomhaistear x agus $f(x)$ araon ina méadair.

(ii) Faigh meánairde na liathróide os cionn na talún, i rith an eatraimh ón uair a dhéantar í a chiceáil go dtí go mbuaileann sí an talamh arís.

$$\text{Meánluach} = \frac{1}{b-a}\int_a^b f(x).dx$$

$$= \frac{1}{10-0}\int_0^{10}(-x^2 + 10x)dx$$



$$= \frac{1}{10}\left[-\frac{x^3}{3} + 5x^2\right]_0^{10} = \frac{1}{10}\left[-\frac{(10)^3}{3} + 5(10)^2\right]_0^{10} = \frac{50}{3}\text{ m}$$

10

Páipéar 1 Ceist 8
2016

55 marc

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

(a) Sa léaráid taispeántar an chéad iarracht a rinne Sorcha ar an gciseán i gcluiche cispheile. D'fhág an liathróid a lámha ag A agus chuaigh sí isteach sa chiseán ag B. Agus an plána comhordanáideach á úsáid le $A(-0{\cdot}5,\ 2{\cdot}565)$ agus $B(4{\cdot}5,\ 3{\cdot}05)$, is é cothromóid na conaire a rinne lárphointe na liathróide ná $f(x) = -0{\cdot}274x^2 + 1{\cdot}193x + 3{\cdot}23$, nuair a thomhaistear x agus $f(x)$ araon ina méadair.



(i) Faigh an uasairde a shroicheann lárphointe na liathróide, ceart go dtí trí ionad dheachúlacha.

Tarlaíonn pointí ag casadh nuair $f'(t) = 0$

$$-0{\cdot}274(2)x + 1{\cdot}193 = 0$$

10

An dá thaobh a roinnt ar $0{\cdot}548$ $\quad 0{\cdot}548x = 1{\cdot}193$

$$x = 2{\cdot}177$$

$$f(2{\cdot}177) = -0{\cdot}274\,(2{\cdot}177)^2 + 1{\cdot}193\,(2{\cdot}177) + 3{\cdot}23$$

$$= 4{\cdot}528584854$$

(a) Sa léaráid taispeántar an chéad iarracht a rinne Sorcha ar an gciseán i gcluiche cispheile. D'fhág an liathróid a lámha ag A agus chuaigh sí isteach sa chiseán ag B. Agus an plána comhordanáideach á úsáid le $A(-0{\cdot}5,\ 2{\cdot}565)$ agus $B(4{\cdot}5,\ 3{\cdot}05)$, is é cothromóid na conaire a rinne lárphointe na liathróide ná $f(x) = -0{\cdot}274x^2 + 1{\cdot}193x + 3{\cdot}23$, nuair a thomhaistear x agus $f(x)$ araon ina méadair.



(ii) Faigh an ghéaruillinn leis an gcothromán san áit a ndeachaigh an liathróid isteach sa chiseán. Bíodh do fhreagra ceart go dtí an chéim is gaire.

$$f'(4{\cdot}5) = -\,0{\cdot}548(4{\cdot}5) + 1{\cdot}193 = -\,1{\cdot}273 = \tan\theta$$

$$\theta = \tan^{-1}(-\,1{\cdot}273)$$

$$\theta = 51{\cdot}84\ldots717$$

$$\theta = 52^\circ$$

5

(iii) Chaith Sorcha an liathróid an dara huair. Lean an caitheamh seo conair na parabóile $g(x)$ mar a thaispeántar. D'fhág an liathróid lámha Shorcha ag an bpointe $C(0, 2)$. Tá an graf $y = g(x)$ ina íomhá den ghraf $y = f(x)$ faoi aistriú a mapálann A ar C.



Bain úsáid as an toradh ó pháirt **a(i)** chun a thaispeáint gur shroich lárphointe na liathróide seo a uasairde ag an bpointe $(2{\cdot}677, 3{\cdot}964)$, ceart go dtí trí ionad dheachúlacha.

Mhapálann $A \rightarrow C$

$(-0{\cdot}5, 2{\cdot}565) \rightarrow (0, 2)$

$x: +\,0{\cdot}5,\ y: -\,0{\cdot}565$

Páirt **a(i)** shroich lárphointe $(2{\cdot}177, 4{\cdot}529)$

$2{\cdot}177 + 0{\cdot}5 = 2{\cdot}677$

$4{\cdot}529 - 0{\cdot}565 = 3{\cdot}964$

$(2{\cdot}177, 4{\cdot}529) \rightarrow (2{\cdot}677, 3{\cdot}964)$

5

(iv) Uaidh sin, no ar slí eile, faigh cothromóid na parabóile $g(x)$.



Lig do $g(x) = ax^2 + bx + c$

$(0, 2) \in g(x) : a(0)^2 + b(0) + c = 2 \rightarrow c = 2$

Páirt **a(iii)** phointe $(2{\cdot}677, 3{\cdot}964)$:

$a(2{\cdot}677)^2 + b(2{\cdot}677) + 2 = 3{\cdot}964$

$7{\cdot}166a + 2{\cdot}677b = 3{\cdot}964 - 2$

$g'(x) = 2ax + b$

$2a(2{\cdot}677) + b = 0$

$5{\cdot}354a + b = 0 \times 2{\cdot}677$

$7{\cdot}166a + 2{\cdot}677b = 1{\cdot}964$ $-$

$14{\cdot}333a + 2{\cdot}677b = 0$

$-7{\cdot}167a = 1{\cdot}964$

$a = -0{\cdot}274$

$5{\cdot}354(-0{\cdot}274) + b = 0$

$b = 1{\cdot}467$

$g(x) = -0{\cdot}274x^2 + 1{\cdot}467x + 2$

10

(b) Is comórtas Oilimpeach é an heaptatlan. Tá seacht mír ann, an rás 200 m agus caitheamh na sleá ina measc. Baintear úsáid as foirmlí sa chóras scórála chun scór a ríomh [illegible]ach mír. Sa tábla thíos, taispeántar na foirmlí le haghaidh dhá cheann de na míreanna agus luachanna na dtairiseach a úsáidtear sna foirmlí seo. Is é x an t-am a thógann an t-iomaitheoir (ina shoicindí) nó an fad a bhaineann sé/sí amach (ina mhéadair), agus is é y líon na bpointí a scóráiltear sa mhír.

Rás 200 m:

$y = 4{\cdot}99087(42{\cdot}5 - 23{\cdot}8)^{1{\cdot}81} = 1000{\cdot}483659$

Caitheamh na Sleá:

$y = 15{\cdot}9803(58{\cdot}2 - 3{\cdot}8)^{1{\cdot}04} = 1020{\cdot}017878$

10

Mir	x	Foirmle	a	b	c
Rás 200 m	Am (s)	$y = a(b - x)^c$	4·99087	42·5	1·81
Caitheamh na Sleá	Fad (m)	$y = a(x - b)^c$	15·9803	3·8	1·04

(i) Sa heaptatlan, rith Jessica 200 m in 23·8 s agus chaith sí an tsleá 58·2 m. Bain úsáid as na foirmlí sa tábla chun líon iomlán na bpointí a scóráil sí i ngach ceann de na míreanna sin a fháil, ceart go dtí an pointe is gaire.

(b) Is comórtas Oilimpeach é an heaptatlan. Tá seacht mír ann, an rás 200 m agus caitheamh na sleá ina measc. Baintear úsáid as foirmlí sa chóras scórála chun scór a ríomh i ngach mír. Sa tábla thíos, taispeántar na foirmlí le haghaidh dhá cheann de na míreanna agus luachanna na dtairiseach a úsáidtear sna foirmlí seo. Is é x an t-am a thógann an t-iomaitheoir (ina shoicindí) nó an fad a bhaineann sé/sí amach (ina mheadair), agus is é y líon na bpointí a scóráiltear sa mhír.



$$15{\cdot}9803(x-3{\cdot}8)^{1{\cdot}04}=1295$$

An dá thaobh a roinnt ar 15·9803

$$(x-3{\cdot}8)^{1{\cdot}04}=\frac{1295}{15{\cdot}9803}$$

Tóg an fhréamh 1·04 ú an dá thaobh

$$x-3{\cdot}8=\sqrt[1{\cdot}04]{\frac{1295}{15{\cdot}9803}}$$

Cuir 3·8 chun an dá thaobh

$$x=\sqrt[1{\cdot}04]{\frac{1295}{15{\cdot}9803}}+3{\cdot}8$$

$$x=72{\cdot}23430876$$

5

Mir	***x***	**Foirmle**	***a***	***b***	***c***
Rás 200 m	Am (s)	$y=a(b-x)^c$	4·99087	42·5	1·81
Caitheamh na Sleá	Fad (m)	$y=a(x-b)^c$	15·9803	3·8	1·04

(ii) 1295 pointe an scór a thuillfeadh iomaitheoir as curiarracht dhomhanda i gcaitheamh na sleá sa heaptatlan. Faigh fad na curiarrachta domhanda i gcaitheamh na sleá sa heaptatlan, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

(iii) Úsáidtear an fhoirmle chéanna chun na pointí a ríomh sa rás 800 m agus sa rás 200 m sa heaptatlan, ach bíonn tairisigh dhifriúla in úsáid. Rith Jessica an rás 800 m in 2 nóiméad agus 1·84 soicind, rud a thuill 1087 pointe.

Má tá $a = 0{\cdot}11193$ agus $b = 254$ don rás 800 m, faigh luach c sa mhír seo, ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

$$y = a(b - x)^c \qquad 2 \text{ m } 1{\cdot}84 \text{ s} = 121{\cdot}84 \text{ s}$$

$$0{\cdot}11193(254 - 121{\cdot}84)^c = 1087 \quad \div\, 0{\cdot}11193$$

$$132{\cdot}16^c = \frac{1087}{0{\cdot}11193}$$

ag tógáil log nádúrtha an dá thaobh

$$c \log 132{\cdot}16 = \log \frac{1087}{0{\cdot}11193} \quad \div \log 132{\cdot}16$$

$$c = \frac{\log \dfrac{1087}{0{\cdot}11193}}{\log 132{\cdot}16}$$

$$c = 1{\cdot}8879 \ldots 83$$

10

Páipéar 1 Ceist 3
2015

25 marc

$a^2+2ab+b^2=(a+b)^2$

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

www.mathsplus.ie

Bíodh $f(x) = -x^2 + 12x - 27,\ x \in \mathbb{R}$.

(a) **(i)** Comhlánaigh Tábla 1 thíos.

Tábla 1							
x	3	4	5	6	7	8	9
$f(x)$	0	5	8	9	8	5	0

(ii) Bain úsáid as Tábla 1 agus as an riail thraipéasóideach agus faigh neas-achar an réigiúin atá cuimsithe idir graf f agus an x-ais.

$$\text{Achar} \approx \frac{h}{2}\left[y_1 + y_n + 2(y_2 + y_3 + \ldots + y_{n-1})\right]$$

$$\text{Achar} \approx \frac{1}{2}\left[0 + 0 + 2(5 + 8 + 9 + 8 + 5)\right]$$

Achar ≈ 35 aonad cearnach

15

Bíodh $f(x) = -x^2 + 12x - 27,\ x \in \mathbb{R}$.

(b) **(i)** Faigh $\int_3^9 f(x)\,dx$.

$$\int_3^9 f(x)\,dx = \int_3^9 (-x^2 + 12x - 27)\,dx$$

$$= \left[-\frac{x^3}{3} + 6x^2 - 27x\right]_3^9$$

$$= \left[-\frac{729}{3} + 486 - 243 + \frac{27}{3} - 54 + 81\right] = 36$$

(ii) Bain úsáid as do fhreagraí thuas chun an earráid chéatadánach i do neastachán den achar a fháil, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

$$\%\ \text{earráid} = \frac{36 - 35}{36} \times 100$$

$$= 2\cdot\dot{7}\ \%$$

5

Páipéar 1 Ceist 5
2015

25 marc

$a^2+2ab+b^2=(a+b)^2$

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

(a) Réitigh an chothromóid $x = \sqrt{x+6}$, $x \in \mathbb{R}$.

$x^2 = \sqrt{x+6}$ Cearnaigh an dá thaobh

$x^2 - x - 6 = 0$ T a fhachtóiriú

$(x-3)(x+2) = 0$

$x - 3 = 0 \quad x + 2 = 0$

$x = 3 \qquad x = -2$

Freagraí a fhíorú

$3 = \sqrt{3+6}$ $\qquad -2 = \sqrt{-2+6}$

$\therefore x = 3$ 10

(b) Difreáil $x - \sqrt{x+6}$, i leith x.

Bíodh $y = x - \sqrt{(x+6)}^{\frac{1}{2}}$

$$\frac{dy}{dx} = 1 - \frac{1}{2}(x+6)^{-\frac{1}{2}}$$

$$= 1 - \frac{1}{2\sqrt{x+6}}$$

5

(c) Faigh comhordanáidí phointe casaidh na feidhme

$$y = x - \sqrt{x+6},\ x \geq -6.$$

Tarlaíonn pointí ag casadh nuair $\dfrac{dy}{dx} = 0$ $\Rightarrow \left(-\dfrac{23}{4}, -\dfrac{25}{4}\right)$ 10

$$\frac{dy}{dx} = 1 - \frac{1}{2\sqrt{x+6}}$$

$$0 = 1 - \frac{1}{2\sqrt{x+6}}$$

$$2\sqrt{x+6} = 1$$

$$4(x+6) = 1$$

$$4x + 24 = 1$$

$$4x = -23$$

$$x = -\frac{23}{4}$$

$$y = x - \sqrt{x+6},\ x \geq -6.$$

$$y = -\frac{23}{4} - \sqrt{-\frac{23}{4} + 6} = -\frac{25}{4}$$

Páipéar 1 Ceist 7
2015

50 marc

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Tá eitleán ag eitilt go cothrománach ag P, 150 m lastuas de thalamh réidh, nuair a thosaíonn sé ag tuirlingt. Tá P 5 km, go cothrománach, ón bpointe tuirlingthe O. Tuirlingíonn an t-eitleán go cothrománach ag O.



Má ghlactar O mar an bunphointe, cuireann, $(x, f(x))$ conair thuirlingthe an eitleáin in iúl go neasach, áit a bhfuil $f(x) = 0{\cdot}0024x^3 + 0{\cdot}018x^2 + cx + d$ $-5 \leq x \leq 0$, agus x agus $f(x)$ araon ina km.

(a) **(i)** Taispeáin go bhfuil $d = 0$.

$$f(0) = 0{\cdot}0024(0)^3 + 0{\cdot}018(0)^2 + c(0) + d = 0$$

$0 + d = 0 \Rightarrow d = 0$ 5

Tá eitleán ag eitilt go cothrománach ag P, 150 m lastuas de thalamh réidh, nuair a thosaíonn sé ag tuirlingt. Tá P 5 km, go cothrománach, ón bpointe tuirlingthe O. Tuirlingíonn an t-eitleán go cothrománach ag O.



Má ghlactar O mar an bunphointe, cuireann, $(x, f(x))$ conair thuirlingthe an eitleáin in iúl go neasach, áit a bhfuil $f(x) = 0{\cdot}0024x^3 + 0{\cdot}018x^2 + cx + d$ $-5 \leq x \leq 0$, agus x agus $f(x)$ araon ina km.

(a) **(ii)** Is é P an pointe $(-5,\ 0{\cdot}15)$. Bain úsáid as an eolas sin le taispeáint go bhfuil $c = 0$, nó déan ar slí eile é.

$$f(-5) = 0{\cdot}0024(-5)^3 + 0{\cdot}018(-5)^2 + c(-5) = 0{\cdot}15$$

$$-0{\cdot}3 + 0{\cdot}45 - 0{\cdot}15 = 5c \Rightarrow 5c = 0 \Rightarrow c = 0$$

5

Tá eitleán ag eitilt go cothrománach ag P, 150 m lastuas de thalamh réidh, nuair a thosaíonn sé ag tuirlingt. Tá P 5 km, go cothrománach, ón bpointe tuirlingthe O. Tuirlingíonn an t-eitleán go cothrománach ag O.



Má ghlactar O mar an bunphointe, cuireann, $(x, f(x))$ conair thuirlingthe an eitleáin in iúl go neasach, áit a bhfuil $f(x) = 0{\cdot}0024x^3 + 0{\cdot}018x^2 + cx + d$ $-5 \leq x \leq 0$, agus x agus $f(x)$ araon ina km.

(b) **(i)** Faigh luach $f'(x)$, díorthach $f(x)$, nuair atá $x = -4$.

$$f'(-4) = 0{\cdot}0072(-4)^2 + 0{\cdot}036(-4)$$

$$= -0{\cdot}0288$$

10

Tá eitleán ag eitilt go cothrománach ag P, 150 m lastuas de thalamh réidh, nuair a thosaíonn sé ag tuirlingt. Tá P 5 km, go cothrománach, ón bpointe tuirlingthe O. Tuirlingíonn an t-eitleán go cothrománach ag O.



Má ghlactar O mar an bunphointe, cuireann, $(x, f(x))$ conair thuirlingthe an eitleáin in iúl go neasach, áit a bhfuil $f(x) = 0{\cdot}0024x^3 + 0{\cdot}018x^2 + cx + d$ $-5 \leq x \leq 0$, agus x agus $f(x)$ araon ina km.

(b) **(ii)** Bain úsáid as do fhreagra ar **(b) (i)** thuas chun an uillinn ar a bhfuil an t-eitleán ag teacht anuas a fháil nuair atá sé 4 km on bpointe tuirlingthe.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an chéim is gaire.

Tá eitleán ag eitilt go cothrománach ag P, 150 m lastuas de thalamh réidh, nuair a thosaíonn sé ag tuirlingt. Tá P 5 km, go cothrománach, ón bpointe tuirlingthe O. Tuirlingíonn an t-eitleán go cothrománach ag O.



$$f'(x) = 0{\cdot}0072x^2 + 0{\cdot}036x$$

$$f''(x) = 0{\cdot}0144x + 0{\cdot}036$$

$$0{\cdot}0144x + 0{\cdot}036 = 0$$

$$x = -2{\cdot}5$$

Má ghlactar O mar an bunphointe, cuireann, $(x, f(x))$ conair thuirlingthe an eitleáin in iúl go neasach, áit a bhfuil $f(x) = 0{\cdot}0024x^3 + 0{\cdot}018x^2 + cx + d$ $-5 \leq x \leq 0$, agus x agus $f(x)$ araon ina km.

(c) Taispeáin gurb é $(-2 \cdot 5, 0 \cdot 075)$ pointe athchasaidh an chuair $y = f(x)$.

pointe athchasaidh $f''(x) = 0$ $\Rightarrow$ $(-2 \cdot 5, 0 \cdot 075)$ 10

$$f(-2{\cdot}5) = 0{\cdot}0024(-2{\cdot}5)^3 + 0{\cdot}018(-2{\cdot}5)^2 = 0{\cdot}075$$

Tá eitleán ag eitilt go cothrománach ag P, 150 m lastuas de thalamh réidh, nuair a thosaíonn sé ag tuirlingt. Tá P 5 km, go cothrománach, ón bpointe tuirlingthe O. Tuirlingíonn an t-eitleán go cothrománach ag O.



Má ghlactar O mar an bunphointe, cuireann, $(x, f(x))$ conair thuirlingthe an eitleáin in iúl go neasach, áit a bhfuil $f(x) = 0{\cdot}0024x^3 + 0{\cdot}018x^2 + cx + d$ $-5 \leq x \leq 0$, agus x agus $f(x)$ araon ina km.

(d) **(i)** Má tá (x, y) ina phointe ar an gcuar $y = f(x)$, fíoraigh go bhfuil $(-x - 5, -y + 0{\cdot}15)$ ina phointe ar $y = f(x)$ freisin.

$$y = 0{\cdot}0024x^3 + 0{\cdot}018x^2$$

$$0{\cdot}0024(-x-5)^3 + 0{\cdot}018(-x-5)^2$$

$$= (-x-5)^2\left(0{\cdot}0024(-x-5) + 0{\cdot}018\right)$$

$$= (x^2 + 10x + 25)(-0{\cdot}0024x - 0{\cdot}012 + 0{\cdot}018)$$

$$= (x^2 + 10x + 25)(-0{\cdot}0024x + 0{\cdot}006)$$

$$= -0{\cdot}0024x^3 - 0{\cdot}024x^2 - \cancel{0{\cdot}06x} + 0{\cdot}006x^2 + \cancel{0{\cdot}06x} + 0{\cdot}15$$

$$= -0{\cdot}0024x^3 - 0{\cdot}018x^2 + 0{\cdot}15$$

$$= -y + 0{\cdot}15$$

➡ $(-x-5, -y+0{\cdot}15)$ ina phointe ar $y = f(x)$

5

Tá eitleán ag eitilt go cothrománach ag P, 150 m lastuas de thalamh réidh, nuair a thosaíonn sé ag tuirlingt. Tá P 5 km, go cothrománach, ón bpointe tuirlingthe O. Tuirlingíonn an t-eitleán go cothrománach ag O.



Má ghlactar O mar an bunphointe, cuireann, $(x, f(x))$ conair thuirlingthe an eitleáin in iúl go neasach, áit a bhfuil $f(x) = 0{\cdot}0024x^3 + 0{\cdot}018x^2 + cx + d$ $-5 \leq x \leq 0$, agus x agus $f(x)$ araon ina km.

(d) **(ii)** Faigh íomhá $(-x-5, -y+0{\cdot}15)$ faoi shiméadracht i bpointe an athchasaidh.

$$(-x-5, -y+0{\cdot}15) \rightarrow (-2\cdot 5, 0\cdot 075) = (x, y)$$

10

$$\rightarrow (-2\cdot 5 + (-2\cdot 5 + x + 5), 0\cdot 075 + (0\cdot 075 + y - 0{\cdot}15))$$

Páipéar 1 Ceist 8
2015

50 marc

$a^2+2ab+b^2=(a+b)^2$

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Doirtear ola i gceantar amach ón gcósta ina bhfuil uisce ciúin gan feacht (sruth) ar bith ann. Doirtear an ola ar ráta 4×10^6 cm^3 sa nóiméad. Fanann an ola ar snámh i mbarr an uisce.

(a) **(i)** Comhlánaigh an tábla thíos chun toirt iomlán na hola ar an uisce tar éis gach ceann de na chéad 6 nóiméad den doirteadh ola a thaispeáint.

Am (nóiméid)	1	2	3	4	5	6
Toirt (10^6 cm^3)	4	8	12	16	20	24

5

Doirtear ola i gceantar amach ón gcósta ina bhfuil uisce ciúin gan feacht (sruth) ar bith ann. Doirtear an ola ar ráta 4×10^6 cm^3 sa nóiméad. Fanann an ola ar snámh i mbarr an uisce.

(a) **(ii)** Tarraing graf chun toirt na hola ar an uisce sna chéad 6 nóiméad a thaispeáint.

Am (nóiméid)	1	2	3	4	5	6
Toirt (10^6 cm^3)	4	8	12	16	20	24

5

Doirtear ola i gceantar amach ón gcósta ina bhfuil uisce ciúin gan feacht (sruth) ar bith ann. Doirtear an ola ar ráta 4×10^6 cm^3 sa nóiméad. Fanann an ola ar snámh i mbarr an uisce.

(a) **(iii)** Scríobh cothromóid le haghaidh $V(t)$, toirt na hola ar an uisce, ina ,cm3 tar eis t nóiméad.

$$V(t) = (4 \times 10^6)t \text{ cm}^3$$

5

Doirtear ola i gceantar amach ón gcósta ina bhfuil uisce ciúin gan feacht (sruth) ar bith ann. Doirtear an ola ar ráta 4×10^6 cm^3 sa nóiméad. Fanann an ola ar snámh i mbarr an uisce.

(b) Déanann an ola dhoirte leo ola (*oil slick*) ciorclach a bhfuil tiús **1 mhilliméadar amháin** ann.

(i) Scríobh cothromóid le haghaidh thoirt na hola sa leo, ina cm^3, nuair is é r cm an ga.



0·1 cm

$$\begin{aligned} V &= \pi r^2 h \\ &= \pi r^2 (0 \cdot 1) \\ &= 0 \cdot 1 \pi r^2 \text{ cm}^3 \end{aligned}$$

5

Doirtear ola i gceantar amach ón gcósta ina bhfuil uisce ciúin gan feacht (sruth) ar bith ann. Doirtear an ola ar ráta 4×10^6 cm^3 sa nóiméad. Fanann an ola ar snámh i mbarr an uisce.

(b) Déanann an ola dhoirte leo ola (*oil slick*) ciorclach a bhfuil tiús **1 mhilliméadar amháin** ann.

(ii) Faigh an ráta, ina cm sa nóiméad, ar a bhfuil ga an leo ola ag méadú nuair is é 50 m an ga.

$V = 0{\cdot}1\pi r^2 \text{ cm}^3$ cuid **(b) (i)**



0·1 cm

$$\frac{dV}{dr} = 0{\cdot}2\pi r \Rightarrow \frac{dr}{dV} = \frac{1}{0{\cdot}2\pi r}$$

$$V(t) = (4 \times 10^6)t \Rightarrow \frac{dV}{dt} = 4 \times 10^6$$

$$\frac{dr}{dt} = \frac{dr}{dV} \times \frac{dV}{dt}$$

$$\frac{dr}{dt} = \frac{1}{0{\cdot}2\pi r} \times 4 \times 10^6$$

$r = 50 \text{ m} = 5000 \text{ cm}$

$$\frac{dr}{dt} = \frac{4 \times 10^6}{0{\cdot}2\pi(5000)}$$

$$= \frac{4000}{\pi} \text{ cm sa nóiméad}$$

10

Doirtear ola i gceantar amach ón gcósta ina bhfuil uisce ciúin gan feacht (sruth) ar bith ann. Doirtear an ola ar ráta 4×10^6 cm^3 sa nóiméad. Fanann an ola ar snámh i mbarr an uisce.

(c) Taispeáin go bhfuil achar an uisce atá clúdaithe ag an leo ola, ag méadú ar ráta tairiseach 4×10^7 cm^2 sa nóiméad. .

Achar uisce $= \pi r^2$



$$\frac{dA}{dr} = 2\pi r$$

$$\frac{dA}{dt} = \frac{dA}{dr} \times \frac{dr}{dt}$$ cuid **(b) (ii)** $$\frac{dr}{dt} = \frac{4 \times 10^6}{0{\cdot}2\pi r}$$

$$\frac{dA}{dt} = 2\cancel{\pi r} \times \frac{4 \times 10^6}{0{\cdot}2\cancel{\pi r}}$$

$$= 4 \times 10^7 \text{ cm}^2 \text{ sa nóiméad}$$

10

Doirtear ola i gceantar amach ón gcósta ina bhfuil uisce ciúin gan feacht (sruth) ar bith ann. Doirtear an ola ar ráta 4×10^6 cm^3 sa nóiméad. Fanann an ola ar snámh i mbarr an uisce.

(d) Tá an talamh is cóngaraí 1 km ón bpointe inar thosaigh an doirteadh ola. Faigh amach cá fhad a thógfaidh sé go dtí go sroichfidh an leo ola an talamh. Bíodh do fhreagra ceart go dtí an uair an chloig is gaire.



Achar uisce = πr^2

r = 1 km = 1000 m = 100 000 cm

Achar = $\pi(10^5)^2 = \pi \times 10^{10}$ cm^2

$\dfrac{dA}{dt} = 4 \times 10^7$ cm^2 sa nóiméad

cuid **(c)**

Am = $\dfrac{\pi \times 10^{10}}{4 \times 10^7} = 250\pi$ nóiméad

Roinn ag 60

= 13·08996935 uair an chloig

10

Páipéar 1 Ceist 9
2015

50 marc

$$a^2+2ab+b^2=(a+b)^2$$

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Is féidir an fheidhm a leanas a úsáid chun neastachán a dhéanamh ar fhad an lae i nGaillimh, ina uaireanta ó éirí go luí na gréine:

$$f(t) = 12{\cdot}25 + 4{\cdot}75\sin\left(\frac{2\pi}{365}t\right),$$

áit arb é t líon na laethanta tar éis 21 Márta agus áit a bhfuil $\left(\frac{2\pi}{365}t\right)$ ina raidiain.

(a) Faigh fad an lae i nGaillimh ar 5 Meitheamh (76 lá tar éis 21 Márta). Bíodh do fhreagra ina uaireanta agus ina nóiméid, ceart go dtí an nóiméad is gaire.

$$f(76) = 12{\cdot}25 + 4{\cdot}75\sin\left(\frac{2\pi(76)}{365}\right)$$

$$= 16{\cdot}8372647 \text{ uair an cloig}$$

$$= 16 \text{ uair an cloig agus } 50 \text{ nóiméid}$$

10

Is féidir an fheidhm a leanas a úsáid chun neastachán a dhéanamh ar fhad an lae i nGaillimh, ina uaireanta ó éirí go luí na gréine:

$$f(t) = 12{\cdot}25 + 4{\cdot}75\sin\left(\frac{2\pi}{365}t\right),$$

áit arb é t líon na laethanta tar éis 21 Márta agus áit a bhfuil $\left(\frac{2\pi}{365}t\right)$ ina raidiain.

(b) Faigh dáta amháin ar a mbíonn an lá tuairim is 15 uair an chloig ar fad i nGaillimh.

$$12{\cdot}25 + 4{\cdot}75\sin\left(\frac{2\pi}{365}t\right) = \cancel{15}\ 2{\cdot}75$$

$$\frac{2\pi}{365}t = \sin^{-1}\left(\frac{2{\cdot}75}{4{\cdot}75}\right)$$

$$0{\cdot}017214t = 0{\cdot}617437$$

$$t = \frac{0{\cdot}617437}{0{\cdot}017214} = 35{\cdot}868$$

36 lá tar eis Marta 21 = Aibreán 26

10

Is féidir an fheidhm a leanas a úsáid chun neastachán a dhéanamh ar fhad an lae i nGaillimh, ina uaireanta ó éirí go luí na gréine:

$$f(t) = 12{\cdot}25 + 4{\cdot}75\sin\left(\frac{2\pi}{365}t\right),$$

áit arb é t líon na laethanta tar éis 21 Márta agus áit a bhfuil $\left(\frac{2\pi}{365}t\right)$ ina raidiain.

(c) Faigh $f'(t)$, díorthach $f(t)$.

$$f(t) = 12{\cdot}25 + 4{\cdot}75\sin\left(\frac{2\pi}{365}t\right)$$

$$f'(t) = 4{\cdot}75\cos\left(\frac{2\pi}{365}t\right)\left(\frac{2\pi}{365}\right)$$

$$f'(t) = \left(\frac{9{\cdot}5\pi}{365}\right)\cos\left(\frac{2\pi}{365}t\right)$$

10

Is féidir an fheidhm a leanas a úsáid chun neastachán a dhéanamh ar fhad an lae i nGaillimh, ina uaireanta ó éirí go luí na gréine:

$$f(t) = 12{\cdot}25 + 4{\cdot}75\sin\left(\frac{2\pi}{365}t\right),$$

áit arb é t líon na laethanta tar éis 21 Márta agus áit a bhfuil $\left(\frac{2\pi}{365}t\right)$ ina raidiain.

(d) Uaidh sin, nó ar shlí eile, faigh fad an lae is faide i nGaillimh.

Tarlaíonn pointí ag casadh nuair a $f'(t) = 0$

$$f'(t) = \left(\frac{9{\cdot}5\pi}{365}\right)\cos\left(\frac{2\pi}{365}t\right) = 0$$

$$\frac{2\pi}{365}t = \cos^{-1} 0$$

$$\frac{2\cancel{\pi}}{365}t = \frac{\cancel{\pi}}{2} \Rightarrow t = \frac{365}{4} = 91{\cdot}25$$

Roinn ag $\left(\frac{9{\cdot}5\pi}{365}\right)$

$$f(91{\cdot}25) = 12{\cdot}25 + 4{\cdot}75\sin\left(\frac{2\pi(91{\cdot}25)}{365}\right)$$

$= 17$ uair an cloig

10

Is féidir an fheidhm a leanas a úsáid chun neastachán a dhéanamh ar fhad an lae i nGaillimh, ina uaireanta ó éirí go luí na gréine:

$$f(t) = 12{\cdot}25 + 4{\cdot}75\sin\left(\frac{2\pi}{365}t\right),$$

áit arb é t líon na laethanta tar éis 21 Márta agus áit a bhfuil $\left(\frac{2\pi}{365}t\right)$ ina raidiain.

(e) Bain úsáid as an tsuimeáil chun meánfhad an lae i nGaillimh le linn na sé mhí ó 21 Márta go dtí 21 Mean Fómhair (184 lá) a fháil. Bíodh do fhreagra ina uaireanta agus ina nóiméid, ceart go dtí an nóiméad is gaire.

$$\text{Meánluach} = \frac{1}{b-a}\int_a^b f(x).dx = \frac{1}{184-0}\int_0^{184} 12{\cdot}25 + 4{\cdot}75\sin\left(\frac{2\pi}{365}t\right).dt$$

$$= \frac{1}{184}\left|12{\cdot}25t + \frac{4{\cdot}75\left(-\cos\left(\frac{2\pi}{365}t\right)\right)}{\left(\frac{2\pi}{365}\right)}\right|_0^{184}$$

$$\text{Meánluach} = \frac{1}{b-a}\int_a^b f(x).dx = \frac{1}{184-0}\int_0^{184} 12\cdot25 + 4\cdot75\sin\left(\frac{2\pi}{365}t\right).dt$$

$$= \frac{1}{184}\left[12\cdot25t + \frac{4\cdot75\left(-\cos\left(\frac{2\pi}{365}t\right)\right)}{\left(\frac{2\pi}{365}\right)}\right]_0^{184}$$

$$= \frac{1}{184}\left[12\cdot25(184) - \frac{4\cdot75\cos\left(\frac{2\pi(184)}{365}\right)}{\left(\frac{2\pi}{365}\right)} - 12\cdot25(0) + \frac{4\cdot75\cos\left(\frac{2\pi(0)}{365}\right)}{\left(\frac{2\pi}{365}\right)}\right]$$

$$= \frac{2529\cdot84 + 275\cdot93}{184} = 15\cdot24875 \text{ uair an cloig}$$

$$= 15 \text{ uair an cloig agus } 15 \text{ nóiméid}$$

10

Páipéar 1 Ceist 1
2014

25 marc

$a^2+2ab+b^2=(a+b)^2$

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

(a) Gearrann an graf d'fheidhm chiúbach $f(x)$ an x-ais ag $x = -3$, $x = -1$ agus $x = 2$, agus an y-ais ag $(0, -6)$, mar a thaispeántar.



Fíoraigh gur féidir $f(x)$ a scríobh mar $f(x) = x^3 + 2x^2 - 5x - 6$.

$$f(x) = (x + 3)(x + 1)(x - 2)$$

$$= x^3 + 2x^2 - 5x - 6$$

15

(b) **(i)** Trasnaíonn graf na feidhme $g(x) = -2x - 6$ graf na feidhme $f(x)$ thuas. Bíodh $f(x) = g(x)$ agus réitigh an chothromóid sin chun comhordanáidí na bpointí ina dtrasnaíonn graf $f(x)$ agus graf $g(x)$ a chéile.

$$x^3 + 2x^2 - 5x - 6 = -2x - 6$$

$$x^3 + 2x^2 - 3x = 0$$

$x = -3$ $x = 0$ $x = 1$

5

$$x(x^2 + 2x - 3) = 0$$

$$x(x + 3)(x - 1) = 0$$

(a) Gearrann an graf d'fheidhm chiúbach $f(x)$ an x-ais ag $x = -3$, $x = -1$ agus $x = 2$, agus an y-ais ag $(0, -6)$, mar a thaispeántar.
Fíoraigh gur féidir $f(x)$ a scríobh mar $f(x) = x^3 + 2x^2 - 5x - 6$.



5

(b) **(ii)** Tarraing graf na feidhme $g(x) = -2x - 6$ ar an léaráid thuas.

$$x^3 + 2x^2 - 5x - 6 = -2x - 6$$

$$x^3 + 2x^2 - 3x = 0 \qquad x = -3 \quad x = 0 \quad x = 1$$

$$x(x^2 + 2x - 3) = 0$$

$$x(x+3)(x-1) = 0$$

Páipéar 1 Ceist 4
2014

25 marc

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

(a) Difreáil an fheidhm $2x^2 - 3x - 6$ i leith x ó bhunphrionsabail.

$$f(x) = 2x^2 - 3x - 6$$

$$f(x+h) = 2(x+h)^2 - 3(x+h) - 6$$

$$= 2(x^2 + 2xh + h^2) - 3x - 3h - 6$$

$$f(x+h) - f(x) = \cancel{2x^2} + 4xh + 2h^2 - \cancel{3x} - 3h - \cancel{6} - \cancel{2x^2} + \cancel{3x} + \cancel{6}$$

$$\underset{h \to 0}{\text{tr}} \frac{f(x+h) - f(x)}{h} = \underset{h \to 0}{\text{tr}} \frac{4x\cancel{h} + 2h^{\cancel{2}} - 3\cancel{h}}{\cancel{h}}$$

$$= \underset{h \to 0}{\text{tr}}\, 4x + 2h - 3$$

$$= 4x - 3$$

15

(b) Bíodh $f(x) = \dfrac{2x}{x+2}$, $x \neq -2$, $x \in \mathbb{R}$. Faigh comhordanáidí na bpointí arb é fána an tadhlaí leis an gcuar $y = f(x)$ ná $\dfrac{1}{4}$.

Bíodh $y = \dfrac{2x}{x+2}$ $\begin{matrix} u \\ v \end{matrix}$

Riail an Lín

$u = 2x$ $\qquad$ $v = x + 2$

$\dfrac{du}{dx} = 2$ $\qquad$ $\dfrac{dv}{dx} = 1$

$$\frac{dy}{dx} = \frac{v\dfrac{du}{dx} - u\dfrac{dv}{dx}}{v^2}$$

$$\frac{dy}{dx} = \frac{(x+2)(2) - (2x)(1)}{(x+2)^2} = \frac{\cancel{2x} + 4 - \cancel{2x}}{(x+2)^2} = \frac{4}{(x+2)^2} = \frac{1}{4}$$

$$(x+2)^2 = 16 \qquad x + 2 = \pm\sqrt{16} = \pm 4$$

$$x + 2 = 4 \qquad\qquad x + 2 = -4$$

$$x = 2 \qquad\qquad x = -6$$

$y = \dfrac{2(2)}{2+2} = 1$ $\;(2, 1)$ $\qquad$ $y = \dfrac{2(-6)}{-6+2} = 3$ $\;(-6, 3)$

10

Páipéar 1 Ceist 5
2014

25 marc

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

(a) Faigh $\int 5\cos 3x \, dx$.

